Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14065/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0312(NLE)**

**EEE 26**
**RECH 445**
**FEROE 4**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais[1] ('an Comhaontú'), shínigh an tAontas é an 24 Bealtaine 2022 agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ó bhí an dáta sin ann, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/886 ón gComhairle[2].

(2) Le hAirteagal 14(1) den Chomhaontú, bunaítear an Comhchoiste atá comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na bPáirtithe chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Le hAirteagal 14(3) den Chomhaontú, déantar foráil go bhfuil an Comhchoiste lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.

(4) Ag an dara cruinniú den Chomhchoiste atá le reáchtáil sa dara leath de 2023, tá coinne leis go nglacfaidh an Comhchoiste cinneadh lena nglacfar a Rialacha Nós Imeachta.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos maidir lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 154, 7.6.2022, lch. 4.

[2] Cinneadh (AE) 2022/886 ón gComhairle an 16 Bealtaine 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais (IO L 154, 7.6.2022, lch. 1).

*Airteagal 1*

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an dara cruinniú den Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste teacht ar chomhaontú maidir le mioncheartuithe teicniúla ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste gan cinneadh eile ón gComhairle i gcás ina bhfuil na hathruithe sin fíor-riachtanach chun gur féidir leis an gComhchoiste a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*